

Is ionann na Gnéithe Cáilíochta agus critéir a leagtar síos chun leibhéal gnóthachtála scoláire a mheas i Measúnú Rangbhunaithe (MRB). Anseo thíos, tá cur síos ar na Gnéithe Cáilíochta don Iniúchadh Matamaiticiúil.

	Níor chomhlíon na hionchais go fóill	Ag teacht leis na hionchais	Os cionn na n-ionchas	Thar barr ar fad
An Ráiteas Faidhbe a shainiú	Úsáidtear ráiteas faidhbe a tugadh don scoláire agus le treoir, bristear síos an fhadhb ina céimeanna	Le treoir, ceaptar ráiteas faidhbe, bristear síos an fhadhb ina céimeanna indéanta agus simplítear an fhadhb le foshuíomhanna, más cuí	Le treoir theoranta, cuirtear ráiteas faidhbe agus soiléirítear/simplítear an fhadhb le foshuíomhanna réasúnta, nuair is cuí	Cuirtear ráiteas faidhbe beacht agus soiléirítear agus simplítear an fhadhb le foshuíomhanna is féidir a chosaint, nuair is cuí
Straitéis a aimsiú nó an fhadhb a aistriú chuig an matamaitic	Úsáidtear straitéis a cuireadh ar fáil	Roghnaítear straitéis oiriúnach chun tabhairt faoin bhfadhb	Cosnaítear straitéis oiriúnach a úsáid chun tabhairt faoin bhfadhb agus sainaitnítear aon athróga ábhartha	Forbraítear straitéis chosanta éifeachtach agus meastar dul chun cinn i dtreo réitigh nuair is cuí; tugtar buille faoi thuairim faoin ngaol idir athróga nuair is cuí
Tabhairt faoi mhatamaitic chun an fhadhb a réiteach	Taifeadtar roinnt breathnuithe/sonraí agus leantar roinnt gnásanna bunúsacha matamaiticiúla	Taifeadtar breathnuithe/sonraí agus leantar gnásanna oiriúnacha matamaiticiúla le hearráidí beaga; úsáidtear graif agus/nó léaráidí/focail chun léargas a thabhairt ar an bhfadhb agus/nó ar an réiteach	Taifeadtar breathnuithe/sonraí go córasach, leantar gnásanna matamaiticiúla oiriúnacha agus úsáidtear teanga chruinn mhatamaiticiúil, nodaireacht chruinn shiombalach agus léirithe físiúla cruinne; déantar iarracht aon phatrúin a fheictear a ghinearálú sa réiteach/bhbreathnú	Leantar gnásanna matamaiticiúla le hardleibhéal beachtais, agus faightear freagra is féidir a chosaint; ginearálítear réiteach/breathnuithe agus cuirtear i bhfeidhm ar chásanna eile iad nuair is cuí
Léirmhíniú agus tuairisciú	Déantar tráchttaireacht ar aon réiteach	Déantar tráchttaireacht ar réasúnacht an réitigh nuair is cuí agus déantar nasc nithiúil leis an gceist bhunaidh; úsáidtear gnáth-theanga chun smaointe a chur in iúl	Seiceáiltear réasúntacht an réitigh agus filltear ar foshuíomhanna agus/nó straitéis chun an próiseas a athdhéanamh, más gá; úsáidtear teanga fhoirmeálta mhatamaiticiúil chun smaointe a chur in iúl agus sainaitnítear ar éirigh go maith leo agus a bhféadfaí a fheabhsú	Úsáidtear argóintí déaduchtacha agus teanga bheacht mhatamaiticiúil agus nodaireacht bheacht shiombalach chun smaointeoireacht mhatamaiticiúil a chomhdhlúthú agus chun réiteach a chosaint; sainaitnítear láidreachtaí agus/nó laigí sa léiriú matamaiticiúil/straitéis réitigh